Dé hAoine an 29 Eanáir 2016, sheol Ann Phelan, an tAire Stáit maidir le Forbairt Eacnamaíochta faoin Tuath agus Fiontar Sóisialta, in éineacht leis an gComh. Charlie Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach agus an Comh. Fintan Phelan, Cathaoirleach Choiste Éire 2016 Cheatharlach ‘Clár Éire 2016 Cheatharlach’ i Leabharlann Cheatharlach. Dúirt an Comh. Charlie Murphy ag an seoladh go mbeadh gach ócáidí comórtha agus na himeachtaí uilig ar a n-áireamh le chéile ina gceiliúradh ar eachtra mhórhábhachtach i mbunú an Stáit agus go raibh an bhliain 2016 ina am don mhachnamh ar eachtraí na Cásca 1916, ar ar thit amach le céad bliain ó shin i leith agus ar a bhféadfadh a bheith i ndán san am atá romhainn. Dúirt an Comh. Fintan Phelan gur bhreá an rud pobal chomharsanachtaí éagsúla agus eagraíochtaí éagsúla ar fud an chontae a fheiceáil ag dul i mbun bhearta comórtha ina gceantar féin, ar a n-áirítear gairdíní comórtha, taispeántais, taispeántais grianghrafadóireachta, saothair amharclannaíochta agus drámaíochta, plaiceanna agus saothair ealaíne a nochtadh, paráideanna, léachtaí, taispeántais ealaíne, athshamhlú taibhréime, comórtais spóirt agus léamh an Fhorógra, agus gur mhaith leis, thar ceann an Choiste, buíochas a ghlacadh leo as ucht a gcuid spéise agus a gcuid forbheartaíochta i mbun tionscadail a thabhairt chun cinn chun an bhliain thábhachtach a chomóradh.’

Dúirt an Ceannfort Stephen Mac Eoin, ag labhairt dó thar ceann Éire 2016, go mbeadh níos mó ná dhá mhíle ócáidí ar siúl ar fud na tíre agus go mba mhaith an teist ar an spéis mhór a bhí ag daoine sa tréimhse a bhain le bunú na tíre an slua mór a bhí i láthair ag an seoladh. Dúirt an Dr Conor Kostick, a scríobh beathaisnéis Mhichíl Uí Annracháin, gurbh ábhar mórtais ag Ceatharlach an ceangal leisean agus go raibh sé ar an dara duine ba mhinice a raibh tuairisc coinnithe aige ar na póilíní i mBaile Átha Cliath ag an am, go raibh tábhacht leis an ról a bhí aige ina Mháistir Ceathrún roimh an Éirí Amach agus nár chóir aon bheag is fiú a dhéanamh de. Ag seoladh an chláir di, dúirt an tAire Phelan gur chúis áthais di a thabhairt chun suntais go raibh socraithe ag daoine óga Cheatharlach páirt a ghlacadh i gclár 2016, go háirithe na tionscadail a bhí á dtabhairt chun cinn sna bunscoileanna agus sna scoileanna dara leibhéal.

Choimisiúnaigh Comhairle Chontae Cheatharlach dhá shaothar nua den ealaín phoiblí, saothar an ceann do gach aon Cheantar Bardasach, a sheasfadh mar bhuanchuimhne ar chomóradh Éire 2016 Cheatharlach. I Músaem Chontae Cheatharlach atá an saothar ealaíne a coimisiúnaíodh do Cheantar Bardasach Cheatharlach suite. Painéal gloine dhaite den tsamhlaíocht, den tsainiúlacht agus de chuid na linne seo atá ann ina léirítear scéal Cheatharlach agus roinnt de na príomhphearsaí as Ceatharlach agus an bhaint a bhí acu le 1916. Rinne an Chomhairle seo a choimisiúnú tríd an nGrúpa Oibre maidir

le hEalaín Phoiblí agus rinne Coiste Éire 2016 Cheatharlach comhordú ina leith. Ar Pheadar Lamb, ealaíontóir gloine dhaite a oibríonn i gCathair Chorcaí, a bronnadh, tar éis comórtais, an coimisiún maidir leis an bpainéal atá ar taispeáint ar an staighre sa Mhúsaem. Rinneadh a nochtadh Déardaoin, an 21 Iúil.

Tá an painéal 2.5 méadar ar leithead agus 1.5 méadar ar airde agus cuireann sé leis na sé cinn d'fhuinneoga gloine daite ó ré na 1930idí atá sa Mhúsaem cheana féin a bhuíochas d'áitritheoirí na bhfoirgneamh roimhe seo, Siúracha na Toirbhirte. Ar thús a chur leis an gcoimisiún, thosaigh Peadar ar phróiseas caidrimh le Coiste Éire 2016 Cheatharlach d'fhonn smaointe agus tuairimí a mhalartú. Rinne sé taighde ar chúrsaí na linne freisin le cúnamh ó Elaine Callinan, Roinn na Staire i gColáiste Cheatharlach.



Dúirt Peadar an tráth ar nochtadh an painéal go raibh lorg a raibh ag tarlú sa tír ar fad aimsir 1916 sa saothar aige; gurbh é a rinne sé i mbun obair an ealaíontóra dó a mbeadh le cur in iúl aige a aimsiú agus an dóigh ina gcuirfí scéal Cheatharlach i láthair go háirithe; ní dátaí staire ba léir dósan ach íomhánna; saothar oidhreachta a bhí le cruthú aige ach ní maidir leis an stair amháin é ó thaobh leagan amach, ach leis an am i láthair freisin agus leis an am atá fós le theacht.

Ba í Catherine Marshall, saineolaí iomráiteach maidir le Stair na hEalaíne in Éirinn, a bhí ina haoi-chainteoir ag an ócáid agus thug sise cuntas achoimre ar an tábhacht atá leis an nglóine dhaite mar chineál ealaíne. Dúirt sí gur breá an rud i gcónaí a bheith i láthair go bhfeictear saothar nua ealaíne ag dul i gcion ar an bpobal den chéad uair. Mar gheall, a dúirt sí, gurbh í an nglóine dhaite a bhí in úsáid le himeacht na staire ar mhaithe leis an gcomóradh agus leis an gcuimhneachán, ba chuí agus b'oiriúnach an beart fadbhreathnaitheach a bhí déanta ag Comhairle Chontae Cheatharlach agus socrú saothar gloine daite a choimisiúnú ó Pheadar Lamb, ealaíontóir gloine daite de chuid na linne seo. Ba shuntasach di, de réir mar a labhair sí ag an ócáid, an modh oibre stuama traidisiúnta a ndeachaigh Peadar ina mhuinín maidir leis an obair luaidhe, arbh obair láimhe ar fad í, ar aon dul leis na fuinneoga móra in ardeaglaisí ar fud na hEorpa.

Chuir sí an t-ealaíontóir i gcosúlacht le healaíontóirí mór le rá na gloine daite de leithéid Harry Clark, ag rá gur ealaíontóir thar na bearta é Peadar Lamb a bhfuil saothar iontach ealaíne curtha ar fáil aige do Cheatharlach.

An Oifig Ealaíon i gComhairle Chontae Cheatharlach i gcomhar le Músaem Chontae Cheatharlach a rinne bainistíocht ar an tionscadal faoi stiúir an Cheannasaí Gnóthaí Airgeadais, Córais Faisnéise agus Cultúir, i gcomhairle le Coiste Éire 2016 Cheatharlach agus comhaltaí Chomhairle Chontae Cheatharlach.



I láthair nuair a nochtadh an Painéal Gloine Daite i gComóradh ar 1916 a rinne an t-ealaíontóir Peadar Lamb i Músaem Chontae Cheatharlach Déardaoin, an 21 Iúil, 2016 bhí an Comh. John Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach; an Comh. Fintan Phelan, Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach agus Cathaoirleach Choiste Éire 2016 Cheatharlach; Gary Hughes, Cathaoirleach Bhord Músaem Chontae Cheatharlach; Comhaltaí de chuid Bhord an Mhúsaem: an Comh. Anne Ahern, an Comh. Fergal Browne, an Comh. Walter Lacey, Martin Nevin agus Noreen Whelan; Bernie O'Brien, Leas-Phríomhfheidhmeannach; Pat Delaney, an Stiúirthóir Seirbhísí, Peadar Lamb, an t-ealaíontóir, Catherine Marshall, staraí ealaíne; Sinéad Dowling agus Aileen Nolan, Oifigigh Ealaíon agus Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaem. Grianghraf: Paul Curran, Comhairle Chontae Cheatharlach.

Bíonn an painéal, atá ina chuid de bhailiúchán buan an Mhúsaeim feasta, rífheiceálach ag an uile chuartoir ar an Músaeim. Tá dhá phainéal míniúcháin, ceann amháin i mBéarla agus ceann i nGaeilge, crochta ag barr an stáighre. Taispeántar físeán a rinne Colm Walsh de Pheadar i mbun an tsaothair ar theilifíseán ar an mballa. Tá bróisiúr ar fáil ag cuairteoirí ina dtugtar míniú ar an saothar.



Peadar Lamb agus an painéal gloine daite ar taispeáint i Músaeim Chontae Cheatharlach

**Carlow 1916 Commemorative Stained Glass Panel by Peadar Lamb**

*Carlow County Museum*

In association with Carlow County Council Arts Office

**192016** Carlow County Council

Carlow County Council

**Gloine Dhaite le Peadar Lamb mar Chuimhneachán ar 1916 i gCeatharlach**

*Carlow County Museum*

I gcomhar le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Cheatharlach

**192016** Carlow County Council

Carlow County Council

Clúdaigh na mbileog dátheangach

Bhí an painéal ar an ngearrliosta sa Chatagóir don Chomóradh agus don Cheiliúradh Céad Bliain maidir le Gradaim *Chambers Ireland* don Bharr Feabhais sa Rialtas Áitiúil 2016.



(Clé - Deas) Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim; Pat Delaney, Ceannasaí Gnóthaí Airgeadais, Córais Faisnéise agus Cultúir; an Comh. Fintan Phelan, Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach agus Cathaoirleach Choiste Éire 2016 Cheatharlach; Mary Kennedy, MC; an Comh. John Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach; Damien English, TD, an tAire Stáit maidir le Tithíocht agus Athnuachan Uirbeach; Peadar Lamb, ealaíontóir; Sinéad Dowling, Oifigeach Ealaíon agus Kieran Comerford, Oifig Fiontair Áitiúil Cheatharlach.

Chomh maith leis an obair chomhordaithe maidir le beartaíocht ar fud an chontae, bhí an Músaem féin páirteach i dtionscadail éagsúla i rith na bliana.

Dé Sathairn, an 27 Feabhra, eagraíodh Lá Meabhrachán i gColáiste Cheatharlach a bhí dírithe ar ré na réabhlóidíochta 1913 – 1923. Tugadh cuireadh do dhaoine den phobal ábhar cuimhneacháin a bhain lena muintir a thabhairt isteach go ndéanfaí tuairisc dhigiteach a choimeád air agus ar na scéalta a ghabhann leis. Bhí seastán eolais ag grúpaí agus eagraíochtaí éagsúla, Músaem Chontae Cheatharlach ina measc, mar chuid den lá sin. Chuir an Músaem roinnt cáipéisí de chuid Bhriogáid Cheatharlach ar taispeáint.

Dé Sathairn, an 3 Aibreán, d'eagraigh Coiste Chontae Cheatharlach C.L.G taibhréim athshamhlaithe maidir le cluichí ceannais peile agus iomána an Chontae sa bhliain 1916. Bronnadh ceithre cinn de gheansaithe i stíl na linne, ceann maidir le gach foireann a bhí san iomaíocht, chomh maith le sliotar agus liathróid leathair ar dhéanamh na linne ar an Músaem.

Lá Bealtaine, d'eagraigh Cumann Peile Uí Annracháin Ócáid Comórtha 1916 ag na páirceanna imeartha ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Mar chuid den cheiliúradh bronnadh Corn Uí Annracháin, ar iasacht, ar Gary Hughes, Cathaoirleach Bhord

Mhúsaem Chontae Cheatharlach. Muintir Uí Annracháin a bhronn an Corn ar an gcumann an chéad uair sa bhliain 1966 mar chuid den chomóradh leathchéad bliain.

Dé hAoine, an 6 Bealtaine, nochtai gh craobhacha Cheatharlach de Bhantracht na Tuaithe an saothar comórtha atá ar crochadh ar bhalla i gColáiste Cheatharlach. Léirítear cuid mhór dár baineadh amach in Éirinn idir 1916 agus 2016 . Bhí stíleanna éagsúla fuála, cuilteála agus bróidnéireachta ón dá chumann déag atá i gCullacht Cheatharlach i gceist leis saothar seo a dhéanamh. Cuireadh an saothar ar taispeánt in áiteanna éagsúla ar fud an chontae agus bronnadh ar an Músaem é Dé Máirt, an 15 Nollaig.

I Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Dé Céadaoin, an 30 Samhain, sheol Heather Humphries TD, an tAire Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta taispeántas Líonra Músaem na nÚdarás Áitiúil (LAMN) '1916, Ar fud na tíre' agus 'Suirbhé Músaem na hÉireann 2016' Chumann Músaem na hÉireann. Tá painéal faoi dhuine as contae gach ceann den dá mhúsaem údarais áitiúil déag i dtaispeántas LAMN. Is í an bhanaltra Kehoe atá ar phainéal taispeántais Cheatharlach. Tá físeán gairid faoi líonra LAMN ina chuid den taispeántas chomh maith agus rinneadh roinnt den scannánaíocht lena aghaidh sin sa Mhúsaem.



1916  
ACROSS THE  
COUNTRY

## NURSE MARGARET KEHOE

**N**urse Margaret Kehoe from Orchard, Leighlinbridge is said to be the first person fatally wounded on Easter Monday 1916. She was based at the South Dublin Union workhouse which is now home to St. James Hospital.

During Easter Week 1916 the Irish Volunteers under the command of Eamonn Ceannt occupied the Union. On that Monday Nurse Kehoe was either en route to or attending an injured volunteer within the grounds of the hospital when she was hit by gunfire and killed. The wounded volunteer was Dan McCarthy who subsequently became the President of the Gaelic Athletic Association (GAA) and a member of Dáil Eireann.

Margaret Kehoe was buried within the grounds of the Union but her remains were later exhumed and reinterred in the graveyard of St. Fintan's Church, Ballinabranna, County Carlow in her home parish of Leighlin.

Nurse Kehoe is the grandniece of Captain Myles Walter Keogh, also from Orchard, Leighlinbridge. He had been killed in 1876 at the infamous 'Battle of Little Bighorn' in Montana, USA.



*Photograph courtesy of the Kehoe Family, Carlow.*

ÉIRE  
IRELAND

1916  
2016

Claíomh  
Clár Náisiúnta  
Cultúir  
Pátriarca



Leabharlann Náisiúnta  
National Library of Ireland  
Cúirt Náisiúnta na Leabharlann  
National Library of Ireland  
Pátriarca, Baile Átha Cliath

## **Naomh Willibrord, Pátrún Lucsamburg**

Dé Céadaoin, an 27 Eanáir, in Ionad an Pharóiste, Leithghlinn an Droichid, Co. Cheatharlach, sheol Denis Nulty Sár-Oirmhinneach, Easpag Chill Dara agus Leithghlinne agus Michael Burrows Fíor-Oirmhinneach, Easpag Chaisil, Phort Láirge, an Leasa Mhóir, Fhearna, Osraí agus Leithghlinne comhoilithreacht na nDeoisí i mí Mheitheamh 2017 go Echternach, Lucsamburg, oilithreacht leis an mbeirt Easpag chun páirt a ghlacadh sa 'Mhórshiúlóid Hapála' in onóir Naomh Willibrord, Pátrún Lucsamburg. I gCluain Meilsí, Garraí Uí Bhruacháin, Co. Cheatharlach a hoileadh agus a hoirníodh Willibrord i ndeireadh an 7<sup>ú</sup> céad. Déanann idir deich míle agus trí mhíle dhéag duine hapáil ó chois go chéile trí shráideanna seanda Echternach le linn mhórshiúlóid na hapála atá ar bun leis na cianta agus a bhfuil Stádas Oidhreacht Dhomhanda UNESCO leis. Tá na hEaspaig buíoch de Pharóiste Echternach agus d'Fhondúireacht Naomh Willibrord as Taise Naomh Willibrord a bhronnadh ar Chontae Cheatharlach i rith na bliana 2017. Ar ócáid an tseolta, thug Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaem, léacht ar an gceangal staire atá idir Contae Cheatharlach agus Echternach. Sheinn Banna Scoil na Toirbhirte, faoi stiúir Edwina Hayden, múinteoir ceoil, an ceol lena ndéantar an hapáil an lá a mbíonn na hoilithrigh ag dul sráideanna Echternach ar an nós sin.



(Clé - Deas) Dermot Mulligan, Músaem Chontae Cheatharlach; Joe Tully, Tully's Travel; Gary Hughes, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach; an tEaspag Michael Burrows, Easpag Chaisil, Phort Láirge, an Leasa Mhóir, Fhearna, Osraí agus Leithghlinne agus an tEaspag Denis Nulty, Easpag Chill Dara agus Leithghlinne; an tOirmh. Tom Gordon, Déanach Ardeaglais Naomh Laisréin, Seanleithghlinn agus an Comh. Charlie Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach.

Bhí cruinnithe ag an Easpag Nulty agus ag an Easpag Burrows leis an gcléir in Ardeaglais Cheatharlach agus in Ardeaglais Naomh Laisréin, Seanleithghlinn agus le baill d'fhoireann Mhúsaem Chontae Cheatharlach, comhordaitheoirí tionscadail, chun pleananna don bhliain 2017 a phlé. Ar na buaicphointí, beidh oilithreacht go Echternach ar a mbeidh suas le leathchéad duine faoi threoír an bheirt Easpag mar a nglacfar le taise Naomh Willibrord a chuirfear ar taispeántas i gContae Cheatharlach agus cuirfear taispeántas speisialta ar siúl i Músaem Chontae Cheatharlach. Is é an

tOllamh Dáibhí Ó Cróinín, Scoil na Staire, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an té a rinne an taighde cheannródaíochta lenar tugadh an ceangal chun suntais, atá ina chomhairleoir acadúil maidir leis an tionscadal. Déanfar comhordú ar áirithintí maidir leis an oilithreacht trí *Tully's Travel Agents*, Ceatharlach.

Dé hAoine, an 20 Bealtaine, thug Feidhmeannas Chumann Naomh Willibrord na Breataine agus na hÉireann cuairt ar an Músaem mar chuid den chruinniú a bhí acu i gcathair Chill Chainnigh. Is é Michael Burrows, Easpag Chaisil, Phort Láirge, an Leasa Mhóir, Fhearna, Osraí agus Leithghlinne an Cathaoirleach agus chuir seisean cuairt an Mhúsaeim ar an gclár ionas go bhféadfaí an ceangal atá ag Naomh Willibrord le Ceatharlach a chloisteáil. Thug Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim, léacht faoi oidhreacht eaglasta an chontae le tagairt faoi leith don cheangal le Naomh Willibrord. Thug an grúpa cuairt ina dhiaidh sin ar Ardeaglais Naomh Laisréin in Seanleithghlinn.



Coiste Feidhmiúcháin Chumann Naomh Willibrord na Breataine agus na hÉireann ar cuairt sa Mhúsaeim

Dé Luain, an 7 Samhain, rinneadh Féile Naomh Willibrord, Pátrún Lucsamburg agus an ceangal atá aige le Contae Cheatharlach a cheiliúradh in Ardeaglais Cheatharlach agus in Ardeaglais Naomh Laisréin. Ba é seo an chéad uair leis na cianta, má tharla sé riamh cheana, a ndearnadh an lá féile a cheiliúradh i gContae Cheatharlach. Tá an tOllamh Ó Cróinín i mbun taighde agus ag foilsiú ailt ó thús na 1980idí i leith faoin gceangal idir Ceatharlach agus misin chun na mór-roinne. Tugadh cuireadh ar maidin do na ranganna sinsir ar fad sna bunscoileanna i bParóiste na hArdeaglaise a theacht chuig an Ardeaglais le haghaidh seirbhís ag an meánlae. Bhí seirbhís eiciúiméineach in Ardeaglais Naomh Laisréin ag a 7.00 tráthnóna a raibh Michael Burrows Fíor-Oirmhinneach, Easpag Osraí, Chaisil, Fhearna, an Leasa Mhóir, Phort Láirge, agus Leithghlinne ina bun in éineacht le Denis Nulty Sár-Oirmhinneach, Easpag Chill Dara agus Leithghlinne. Thug an tOllamh Dáibhí Ó Cróinín, Roinn na Staire, OÉ Gaillimh léacht ina dhiaidh sin faoi Chluain Meilsí, Willibrord agus baint Cheatharlach le misean na nAngla-Sacsanach ar an mór-roinn i rith an 8<sup>ú</sup> céad. Bhí slua mór suas le céad agus ceithre scóir i láthair.



Michael Burrows Fíor-Oirmhinneach, Easpag Leithghlinne agus  
Denis Nulty Sár-Oirmhinneach, Easpag Chill Dara agus Leithghlinne i mbun na seirbhíse in Ardeaglais  
Naomh Laisréin

### **Chomhdháil CLG:**

I ndeireadh mhí Feabhra, bhí Coiste Chontae Ceatharlach CLG i mbun Chomhdháil Bhliantúil Náisiúnta CLG in Óstán Mount Wolseley ar an Tulach. Bhí toscairí i láthair as gach contae ar fud an oileáin chomh maith le cumainn de chuid CLG thar lear. An chéad lá den Chomhdháil, Dé hAoine, an 26 Feabhra, nochtaigh Aogán Ó Feargháil, Uachtarán CLG cás taispeántais arna chur le chéile ag Músaem Chontae Cheatharlach agus Coiste Chontae Cheatharlach CLG i bhforhalla an óstáin. Bhí roinnt de na Coirn a bhronntaí roimhe seo ar bhuaiteoirí Chraobhacha an Chontae, Corn Mhic Fhachna agus Corn an Ath. Uí Leathlobhair ina measc, ar taispeáint sa chás.



I láthair nuair a nochtaigh Aogán Ó Fearghail, Uachtarán CLG cás taispeántais in Óstán Mount Wolseley bhí Gary Hughes, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach, an Comh. Charlie Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach, Seam Campion, Cathaoirleach Choiste Contae Cheatharlach C.L.G agus Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaem.

### **An Fhéile Phan-Cheilteach:**

Eagraíodh an Fhéile Idirnáisiúnta Phan-Cheilteach i gCeatharlach den tríú huair i mí Aibreáin. Eagraíodh Seisiúin Scéalaíochta agus cuairteanna treoraithe sa Mhúsaem gach lá lena linn chomh maith le turas siúlóide Lucinda Sly.

### **Carlow University, Pittsburgh:**

Déardaoin, an 26 Bealtaine, thug John McDarby, Oifigeach Foirne turas treoraithe do ghrúpa cuairteoirí ón *McDarby Institute, Carlow University, Pittsburgh* i Pennsylvania na Stát Aontaithe. Chuaigh mná rialta as Clochar na Trócaire i gCeatharlach go Pittsburgh sa bhliain 1843, ar misean chun fóirithint do dhaoine a bhí bocht, breoite agus gan oideachas. Bhunaigh na mná rialta sin coláiste *Mount Mercy College* ar tugadh *Carlow University* d'ainm nua air sa bhliain 1969. Roghnaíodh an t-ainm sin mar gheall ar an gceangal leis an gcontae seo. Duine muinteartha é John de chuid Veronica McDarby, duine de na mná rialta a rinne an turas sa bhliain 1843 agus an té ar ainmníodh foras an *McDarby Institute* ina diaidh san Ollscoil chéanna.




John McDarby le comhaltaí de chuid an *McDarby Institute, Carlow University, Pittsburgh*.

### **Taispeántas maidir le Leictriú na Tuaithe:**

Dé Máirt, an 23 Lúnasa, sheol an Músaem an taispeántas sealadach nua “*The Quiet Revolution, the 70th Anniversary of Rural Electrification*” go hoifigiúil. I gcomhar leis an mBrainse Cartlannaíochta agus Oidhreachta sa BSL a rinneadh an taispeántas seo a chur le chéile atá ar taispeáint ó thús mhí Iúil. Tagann an taispeántas faoi scáth Chlár Éire 2016 Cheatharlach faoin téama maidir le ‘Machnamh ar an 100 Bliain seo caite’.

Luaitear maidir le Scéim Leictriú na Tuaithe go raibh sé ar cheann de na cora is mó a baineadh as cúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta in Éirinn i rith an fichiú aois. Cuireadh an chéad chéim den scéim i bhfeidhm idir na blianta 1946 agus 1965, agus leanadh den obair iarfhorbartha amach go deireadh na 1970idí. D’fhonn an scéim a thabhairt i bhfeidhm, rangáíodh Éire ina 792 "ceantar tuaithe" a raibh 17 acu taobh istigh de theorainneacha Chontae Cheatharlach. Déantar cíoradh sa taispeántas seo ar theacht an tsolais go Ceatharlach ón tráth ar lasadh an chéad solas poiblí sa bhliain 1891 go dtí gur cuireadh scéim leictriú na tuaithe i bhfeidhm sa cheantar (1947–1963). Bhí daoine a d'oibrigh ar an scéim, Paddy Dowling, “Carlow Person of the 20<sup>th</sup> Century”, ina measc, ar tugadh 'Ceannródaithe na Tuaithe' orthu. D’fhág na fir agus na mná sin oidhreacht ina ndiaidh, ní amháin ag BSL ach ag na comharsanachtaí tuaithe inar oibrigh siad agus ag forbairt an tsaoil in Éirinn.

Bhí baile Cheatharlach chun tosaigh maidir le gineadóireacht leictreachais ó dheireadh an 19<sup>ú</sup> céad nuair a thosaigh Milford Mills, Co. Cheatharlach an 24 Meitheamh 1891 ar leictreachas a ghineadh do Bhaile Cheatharlach as cumhacht na Bearú a bhfuil an muileann suite ar a bruach. Ceanglaíodh conradh i dtús na 1890idí idir an comhlacht Sasanach Messrs J. E. H. Gordon & Co. Ltd. agus Coimisiún Bhaile Cheatharlach maidir le leictreachas a chur ar fáil do Bhaile Cheatharlach ón muileann a bhí faoi úinéireacht mhuintir Alexander.



Ag labhairt dó ar an ócáid, dúirt Jerry O’Sullivan Uasal, Leas-Phríomhfheidhmeannach BSL nach é amháin go raibh léargas ón taispeántas ar stair BSL ach go raibh léargas freisin ar fhorbairt na tíre ar fad le fáil ag daoine a léifeadh na painéil eolais agus a scrúdódh na déantúsáin; go spreagfadh sin machnamh ar cheann de na tograí comhoibre ba mhó agus ba thábhachtaí in Éirinn i rith an 20ú aois; agus, nach amháin go mbeadh obair na gCeanródaithe Tuaithe agus an uile dhuine a raibh baint acu leis an Scéim mhór a thabhairt i gcrích ina ábhar mórtais againn ar fad, ach gur cheart go mbeadh spreagadh agus misneach againn as maidir le tabhairt faoi aon ábhar dúshláin a chuirtear romhainn arís.

Thug Brendan Delany, Bainisteoir Cartlannaíochta agus Oidhreachta BSL, léacht faoin teideal ‘*The Quiet Revolution*’ mar chuid den tSeachtain Oidhreachta an oíche chéanna ar eagraíodh an seoladh in Ionad Paróiste na hArd-Eaglaise. Bhí béim sa léacht ar Chontae Cheatharlach agus ar Paddy Dowling, innealtóir le BSL. Dé Sathairn, an 5 Samhain trí scór go leith bliain ó shin a cuireadh suas an chéad pholla mar chuid de scéim leictriú na tuaithe i gCill Shalcháin, Co. Bhaile Átha Cliath. Bhí aird ag dreamanna éagsúla de na meáin chumarsáide ar an ócáid mar gheall ar a thráthúla a bhí sé. Luadh an taispeántas sa Mhúsaem in alt ar an nuachtán ar líne *Journal.ie* agus ar an gclár *Bowman Sunday* a chuireann John Bowman i láthair ar RTÉ Radio 1.



Ag seoladh an Taispeántais maidir le Leictríú na Tuaithe (Clé - Deas) an tUasal Jerry O’Sullivan, Leas-Phríomhfheidhmeannach ESB; an Comh. Anne Ahern, Leas-Mhéara Cheantar Bardasach Cheatharlach; an Comh. John Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach.

### **Macasamhail 3D Chaisleán Cheatharlach:**

Tá Samhaltán 3D agus Léaráid Chaisleán Cheatharlach anois ar taispeánt i bhforhalla fáilte Chomhairle Chontae Cheatharlach. Tá an samhltán 3D agus an léaráid bunaithe ar an tráth i ndeireadh an 14ú céad a raibh Ceatharlach ina phríomhionad riaracháin in Éirinn. Sa bhliain 2013 a rinneadh an samhltán agus an léaráid mar cheiliúradh ar chomóradh ocht gcéad bliain thógáil Chaisleán Cheatharlach. Tá cuairt fhoirgnimh phoiblí éagsúla á dtabhairt leis an samhltán agus leis an léaráid sula gcuirtear ar buanchoimeád iad sa Mhúsaem.

### **UTV Ireland:**

Dé Máirt, an 13 Meán Fómhair agus Dé Domhnaigh, an 18 Meán Fómhair, craoladh clár uair an chloig sa tsraith *Lesser Spotted Journeys* ar UTV agus UTV Ireland maidir le ceantar Leithghlinn an Droichid agus ceantar Mhuine Bheag sa chontae. Cuireadh agallamh ar Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaem, i rith an chláir chomh maith le Martin Nevin i Leithghlinn an Droichid, an tAthair Tom Gordon in Ardeaglais Naomh Laisréin, Myles Kavanagh i Muine Bheag, Arthur Keppel ar an mBearú agus Louise Doyle i gCeatharlach agus Edwina Hayden le Banna na Toirbhirte. *Westway Film Productions* a léirigh an clár a ndearnadh an obair thaighde lena aghaidh i mí Eanáir le cúnamh an Mhúsaem. In imeacht roinnt bheag laethanta i mí Feabhra a rinneadh an taifeadadh.

### **Gradaim Chumann Tráchtála Cheatharlach:**

Bhí an Músaem ar an ngearrliosta maidir le 'Gradam Turasóireachta Cheatharlach (Ionaid agus Imeachtaí)' de chuid Ghradaim Chumann Tráchtála Cheatharlach a bhí ar siúl in Amharclann Shaw, Déardaoin, an 30 Meán Fómhair. Déantar comhghairdeas le *Delta Sensory Gardens* a rug an chraobh seo sa chatagóir sin.

### **An Oíche Chultúir:**

Dé hAoine, an 16 Meán Fómhair, rinneadh ‘an Oíche Chultúir’ a cheiliúradh ar fud na tíre. Rinneadh comhordú ar imeachtaí i gCeatharlach trí Oifig Ealaíon Cheatharlach. Eagraíodh ceolchoirm de chuid Cheolfhoireann Óige Cheatharlach faoi stiúir Majella

Swan sa Mhúsaem. Bhí cúig cheoltóir is fiche de chuid na ceolfhoirne ag seinm sa Mhúsaem agus níos mó ná leathchéad duine i láthair sa lucht éisteachta.



Ceolfhoireann Óige Cheatharlach i mbun ceolchoirme sa Mhúsaem faoi stiúir Majella Swan.

### **Leabharlann agus Cartlann UCD - Kevin Barry:**

Tá digitiú déanta ag Leabharlann agus Cartlann UCD ar dhá bhailiúchán a bhaineann le Kevin Barry. Ábhar maidir lena thréimhse i gColáiste Belvedere, an bhliain a chaith sé ina mhac léinn leghis sa Choláiste Ollscoile agus an tamall gairid a chaith sé i bPríosún Mhuinseo sular cuireadh chun báis é atá i bPáipéir Kevin Barry atá ar coimeád i gCartlann UCD. Ábhar a thiomsaigh Kathy Barry Maloney, a dheirfiúr, is mó atá sa bhailiúchán. Cáipéisí agus comhfhreagras Choiste Cuimhneacháin Chaoimhín de Barra, a cuireadh ar bun d'fhonn airgead a bhailiú chun leac cuimhneacháin a chruthú atá i bpáipéir an *Kevin Barry Memorial Committee*, a cheannaigh Ionad na Mac Léinn i gColáiste na hOllscoile ar ceant agus atá ar coimeád i gCartlann UCD. Nochtadh an leac cuimhneacháin, fuinneog mhór gloine daite a rinneadh i Stiúideo iomráiteach Harry Clarke sa bhliain 1935 in Ardán Phort an Iarla. Rinneadh a aistriú le blianta beaga anuas go dtí Ionad nua na nEolaíochtaí Sláinte ar champas Belfield. Tá teacht go poiblí ar an dá bhailiúchán anois ar Leabharlann Digiteach UCD.

Cuireadh taispeántas taistil ina raibh ceithre cinn de phainéil eolais maidir le Caoimhín de Barra agus an bailiúchán digiteach ar taispeáint i gColáiste Cheatharlach, Coláiste Phádraig, Sráid an Choláiste, Ceatharlach ón 25 Deireadh Fómhair go dtí an 28 Samhain. Eagraíodh an taispeántas i gcomhar le Músaem Chontae Cheatharlach.

Cuireadh léacht poiblí faoin teideal 'Kevin Barry and his world' leis an Ollamh Eunan O'Halpin, Ollamh le Stair Chomhaimseartha na hÉireann i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus garnia le Caoimhín de Barra, ar siúl i Halla Cobden sa Choláiste Dé Luain, an 28 Samhain.

### **An tSeachtain Oidhreachta:**

Bhí an tSeachtain Oidhreachta 2016 ar siúl ó Dé Sathairn an 20 Lúnasa go dtí Dé Domhnaigh an 28 Lúnasa agus rinne an Músaem, thar ceann Chomhairle Chontae Cheatharlach, comhordú ar an bpoiblíocht ar fud an chontae maidir le himeachtaí éagsúla na Seachtaine Oidhreachta. An Chomhairle Oidhreachta a dhéanann an comhordú ar an tSeachtain Oidhreachta ar fud na tíre ar fad.

Foilsíodh bileog ina raibh liosta de na himeachtaí éagsúla ar fud an chontae agus rinneadh a dháileadh ar áitribh éagsúla gnó, turasóireachta, leabharlannaíochta, oidhreacht agus pobail ar fud an chontae agus níos faide ó bhaile. Cuireadh leagan leictreonaice den bhileog ar láithreáin gréasáin Údaráis Áitiúla Cheatharlach agus ar láithreán gréasáin Thurasóireacht Cheatharlach chomh maith lena scaipeadh ar na meáin shóisialta. Cuireadh fógraí i ngach ceann de na páipéir nuachta áitiúla. Tháinig Irishtv.ie i láthair ag roinnt imeachtaí agus rinneadh iad a thaispeáint ar na cláir ‘County Carlow Matters’ a chraolann siadsan.



Mar a rinneadh i rith na mblianta roimhe sin, d'eagraigh an Músaem i gcomhar le hOifig Oidhreacht Chill Chainnigh feachtas raidió ar KCLR 96FM. Ar aon dul leis na blianta roimhe seo, rinne KCLR réamhthairfeadh ar roinnt pacáistí a craoladh sula raibh ócáidí ar siúl d'fhonn slua níos mó a mhealladh. Ar na himeachtaí i gContae Cheatharlach a roghnaíodh bhí Séipéal Cuimhneacháin Adelaide, Míseal le John Kelly, Maor Shéipéal na mBiocáirí agus Monarcha Siúcra Cheatharlach le PL Curran a chuir caint i láthair faoin taispeántas dá chuid i Visual. Eagraíodh agallaimh beo i rith na seachtaine le Paul Cutler, Gairdíní Altamont; Brendan Delany, Brainse Carlannaíochta agus Oidhreacht BSL; foireann Theachíní na bhFíodóirí; Alex Durdin Robertson, Caisleán Huntington agus Paul Maguire, Iarsmalann Mhíleata Chontae Cheatharlach. Beart tionscantaigh i mbliana na comórtas a raibh cead isteach ag imeachtaí agus ionaid sa dá chontae de dhuaiseanna leo gach lá.

Dé Máirt agus Dé hAoine, d'eagraigh an Músaem dhá léacht phoiblí i gcomhar. Dé Máirt, an 23 Lúnasa, thug Brendan Delany, Bainisteoir Carlannaíochta agus Oidhreacht BSL léacht faoin teideal *'The Quiet Revolution, the 70<sup>th</sup> Anniversary of*

*Rural Electrification*’ in Ionad Paróiste na hArd-Eaglaise, Ceatharlach. Eagraíodh an léacht sin i gcomhar le BSL. Dé hAoine, an 26 Lúnasa, chuir Catherine Marshall, staraí ealaíne agus Peadar Lamb, ealaíontóir, caint faoin teideal ‘*Stained-glass and the Art of Commemoration*’ ar siúl in Ionad Paróiste na hArdeaglaise a eagraíodh i gcomhar le hOifig Ealaíon Cheatharlach. Ba é nochtadh an phainéil cuimhneacháin gloine daite i Músaem Chontae Cheatharlach mar chuid de Cheatharlach 2016 tamall roimh ré a spreag an t-ábhar.



Cuid den slua ag an léacht ‘*The Quiet Revolution, the 70<sup>th</sup> Anniversary of Rural Electrification*’ in Ionad Paróiste na hArdeaglaise.

### **Teastas Barr Feabhais de chuid TripAdvisor 2016:**

Bronnadh Teastas Barr Feabhais de chuid TripAdvisor ar an Músaem sa bhliain 2016. Áitíonn TripAdvisor nach bhfuil aon láithreán gréasáin is mó a tharraingíonn aird faoi chúrsaí taistil ar fud an domhain le líon is mó ná 60 milliún ball agus níos mó ná 170 milliún léirmheas agus tuairim faoi óstáin, faoi bhialanna, faoi ionaid cuairte agus faoi ghnóthaí eile maidir le cúrsaí taistil. Daoine den phobal a chuireann léirmheasanna ar fáil agus luaitear ráta le gnóthas dá réir sin. Ba é seo an chéad uair ag an Músaem 'Teastas Barr Feabhais' a ghnóthú.



### **Meirgí agus Comharthaí:**

Tá athnuachan déanta ag an Músaem ar na meirgí leis an bhfoirgneamh ar Shráid an Choláiste le cúig cinn ar a bhfuil branda an Mhúsaeim, péire acu sin i nGaeilge; péire maidir leis an Oifig Turasoireachta; agus, aon cheann amháin le Fáilte Éireann leis an mbranda nua maidir le “*Ireland’s Ancient East*”. Tá comhartha dátheangach nua

crochta os cionn dhoras tosaigh an árais agus feabhas curtha ar na comharthaí taobh istigh d'fhonn sruth na gcuairteoirí tríd an Músaem agus tríd an Oifig Fáilte a fheabhsú.



Comharthaí nua os cionn an dorais tosaigh.

### **Leaganacha Aistrithe de Bhileoga an Mhúsaem:**

Rinneadh príomhbhileog an Mhúsaem a aistriú go ceithre cinn de theangacha na hEorpa: Francís, Iodáilis, Gearmáinis agus Spáinnis. Tá an bhileog ar fáil i nGaeilge cheana.



### **Líon na gCuartheoirí:**

Idir Eanáir agus mí na Nollag 2016 tháinig 20,929 cuairteoir chuig an Músaem, an líon is mó cuairteoirí in aon bhliain go dtí seo. Ní thugtar san áireamh leis an bhfigiúr sin na daoine a ghlac páirt in imeachtaí de chuid an Mhúsaem amuigh faoin aer a bhfuil tuairisc ar roinnt acu sa tuarascáil seo.

### **An Fhoireann & Oibrithe Deonacha:**

Beirt ball foirne lánaimseartha atá ag an Músaem, Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaem agus John McDarby, Oifigeach Foirne, chomh maith le Martin O'Rourke, Maor Cothabhála, ball foirne i gcomhar in éineacht leis an tSeirbhís Leabharlannaíochta. Thosaigh Kelly Mooney i mbun oibre le Comhairle Chontae Cheatharlach faoin gClár Earcaíochta do Chéimithe agus tá sise ag obair leis an Músaem ar thionscadal Éire 2016 agus ar an tSeachtain Oidhreachta. Tháinig deireadh le tréimhse Paula Pela, a bhí páirteach sa tionscadal Tús, i mí Márta. Tá beirt rannpháirtithe faoi thionscadal Tús, Thomas Doyle agus John Riordan, leis an Músaem faoi láthair. Eagraíodh an 5ú Féasta Bliantúil d'Oibrithe Deonacha an Mhúsaem sa

Delta Centre agus tháinig cuid mhór d'oibrithe deonacha dúthrachtacha an Mhúsaem chuig an ócáid. Tá an Músaem fíorbhuíoch i gcónaí de na hoibrithe deonacha a dhéanann obair iontach ag cuidiú leis an músaem ar feadh na bliana.

### **Ciorcal Gaeilge:**

Ócáid sheachtainiúil í seo arna chomhordú ag Glór Cheatharlach a ndéanann an Músaem áisiúlacht ina leith i rith théarmaí na scoilbhliana. Éiríonn go han-mhaithe leis agus tarraingítear daoine éagsúla isteach uair sa tseachtain chun comhrá a dhéanamh trí Ghaeilge ar feadh uair an chloig. I dtús mí Bealtaine, le linn chruinniú seachtainiúil an Chiorcail Comhrá sa Mhúsaem, bhronn Feargal Ó Cuilinn ó Ghlór na nGael i mBaile Átha Cliath Bonn Óir ar Ghlór Cheatharlach.



Feargal Ó Cuilinn, Glór na nGael ag bronnadh Bonn Óir ar Emma Whitmore, Glór Cheatharlach

Dé Céadaoin, an 12 Deireadh Fómhair, rinneadh an seisiún a chraoladh beo ar fud an ghréasáin mar chuid de 'Comhrá16', an tionscnamh bliantúil trína gcoinnítear comhrá Gaeilge ar siúl ar fud an domhain ar feadh 170 uair an chloig as a chéile.

### **Tionscadail Scoile CHAS:**

Dé Céadaoin, an 15 Meitheamh, tréasláíodh a gcuid oibre agus an saothar iontach taighde le buaiteoirí Chomórtas Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach na bliana seo maidir le Tionscadail Staire ag searmanas na nduaiseanna i Músaem Chontae Cheatharlach. Bhí an comórtas staire atá deich mbliana ar siúl faoin tráth seo oscailte ag an uile dhalta i Rang a Cúig agus i Rang a Sé a bhfuil cónaí orthu nó atá ag freastal ar scoil i gContae Cheatharlach. Eoin Cummins as Scoil Náisiúnta Bhaile an Choillín a thug an chraobh leis i mbliana le tionscadal maidir le cromleaca i gContae Cheatharlach. Bhí Katie Brooks as Scoil Náisiúnta Bhalana sa dara háit le tionscadal maidir le Séipéal Cuimhneacháin Adelaide. Roinneadh an tríú duais idir Dylan Cass as Scoil Náisiúnta Bhaile an Choillín le tionscadal faoin teideal *The Blackstairs Blitz* agus Hannah Curry as Scoil Náisiúnta Bhalana le tionscadal faoi Thobar Cronabhán. Cuireadh na duaisiarrachtaí ar taispeáint sa Mhúsaem.



Bertie Watchorn, Uachtarán Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach agus Jim Shannon, moltóir an chomórtais in éineacht le buaiteoirí Chomórtas Tionscadail Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach 2016.

### **Seoladh Láithreán Gréasáin nua CHAS:**

Sa Mhúsaem, Dé Luain, an 10 Deireadh Fómhair, a seoladh láithreán gréasáin nua Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach ar a bhfuil teacht ar thaifeadadh fuaimne de léachtaí a tugadh le blianta anuas agus eagráin digitithe de *Carloviana*. John Shortall, Leabharlannaí Gníomhach an Chontae a rinne an seoladh.

<https://carlowhistorical.com/>



Ag seoladh láithreán gréasáin CHAS(Clé - Deas) John Shortall, Leabharlannaí an Chontae; an Comh. John Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach; John Kelly, Coiste CSSC; Bertie Watchorn, Uachtarán Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach.